Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2019
(OR. en)

8051/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0245(COD)**

CODEC 829
FRONT 124
COMIX 184
CSC 123
PE 143

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(An Bhruiséil, an 3 go dtí an 4 Aibreán 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Tanja FAJON (S&D, SI), tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Bhí na leasuithe ar an togra sa tuarascáil sin, mar a glacadh iad ar an 29 Samhain 2018. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Aibreán 2019 agus glacadh an tuarascáil thuasluaite ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach (COM(2017)0571 – C8-0326/2017 – 2017/0245(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0571),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2)(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C8-0326/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mhéid a thíolaic Teach na dTeachtaí sa tSeic, Seanad na Seice, Parlaimint na Gréige, Parlaimint na Spáinne, Seanad na Fraince agus Parlaimint na Portaingéile maidir leis an dréachtghníomh reachtach,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0356/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo[2];

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

2 Is ionann an seasamh seo agus na leasuithe arna nglacadh an 29 Samhain 2018 (Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2018)0472).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Ar cheann de na príomhnithe atá bainte amach ag an Aontas tá cruthú limistéir ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine thar theorainneacha inmheánacha. Ba cheart go mbeadh ghnáthfheidhmiú agus neartú limistéir den sórt sin, atá bunaithe ar iontaoibh agus ar dhlúthpháirtíocht, ina chuspóir choiteann ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar chomhaontaigh a bheith páirteach ann. San am céanna, tá gá le freagairt choiteann ar chásanna a théann i bhfeidhm go mór ar bheartas poiblí nó ar shlándáil inmheánach an limistéir sin, nó codanna de, trína cheadú gur féidir rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go sealadach i gcúinsí eisceachtúla agus mar rogha dheiridh, agus comhar idir na Ballstáit lena mbaineann á neartú.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) I limistéar ina bhféadfaidh daoine gluaiseacht faoi shaoirse, ba cheart é a bheith ina eisceacht rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha. Níor cheart ***cinneadh*** ar rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ach amháin mar rogha dheiridh, agus ar feadh tréimhse theoranta agus a mhéid is gá na rialuithe sin agus atá siad comhréireach leis an mbaol tromchúiseach arna shainaithint | (1) I limistéar ina bhféadfaidh daoine gluaiseacht faoi shaoirse, ba cheart é a bheith ina eisceacht rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha. ***Ós rud é go ndéantar difear do shaorghluaiseacht daoine trí*** rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ***go sealadach,*** níor ceart ***é*** sin a ***athbhunú*** ach amháin mar bheart atá ina rogha dheiridh, agus ar feadh tréimhse theoranta agus a |

don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach.

mhéid is gá na rialuithe sin agus atá siad comhréireach leis na bagairtí tromchúiseacha arna shainaithint ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. ***Ba cheart aon bheart den sórt sin a aistarraingt a luaithe nach mbeidh ann dá mbunfhorais a thuilleadh.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(1a) Níor cheart go measfaí gur bagairt thromchúiseach, per se, ar an mbeartas poiblí ná ar an tslándáil inmheánach é imirce agus teorainneacha seachtracha a bheith á dtrasnú ag líon mór náisiúnach tríú tíortha.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) De réir chineál agus scála an bhaoil thromchúisigh sin arna shainaithint**,** is féidir bearta éagsúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air. Tá cumhachtaí póilíneachta ag na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)[8]**,** cumhachtaí is féidir a úsáid, faoi réir coinníollacha áirithe, ***sna*** limistéir teorann. Tá treoirlínte do na Ballstáit ina

*Leasú*

(2) De réir chineál agus scála an bhaoil thromchúisigh sin arna shainaithint, is féidir bearta éagsúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air. ***Cé go bhfuil sé fós soiléir go bhfuil cumhachtaí póilíneachta éagsúil ina nádúr agus ina gcuspóir ó rialú teorann,*** tá ag na Ballstáit ***na*** cumhachtaí póilíneachta ***sin***, dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha

| | |
|---|---|
| thaobh sin sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le seiceálacha comhréireacha póilíneachta agus comhar póilíneachta i limistéar Schengen[9]. | Schengen)[8], cumhachtaí is féidir a úsáid, faoi réir coinníollacha áirithe, i limistéir teorann. Tá treoirlínte do na Ballstáit ina thaobh sin sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le seiceálacha comhréireacha póilíneachta agus comhar póilíneachta i limistéar Schengen[9]. |

[8] IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

[9] COM(2017)3349 final, 12.05.2017.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Roimh dhul i muinín rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart do Bhallstáit tosaíocht a thabhairt do bhearta malartacha. Go háirithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann, i gcás ina bhfuil gá agus údar leis, smaoineamh ar sheiceálacha póilíneachta a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí nó iad a threisiú ar a chríoch, lena n-áirítear i limistéir teorann agus ar phríomhbhealaí iompair, ar bhonn measúnú riosca, agus é ag áirithiú nach bhfuil rialú teorann mar chuspóir leis na seiceálacha póilíneachta sin. Tá teicneolaíochtaí nua-aimseartha ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Ba cheart do na Ballstáit a mheasúnú an bhféadfaí aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar an staid trí bhíthin comhar trasteorann méadaithe, ó thaobh na hoibríochta de agus ó thaobh malartú faisnéise idir póilíní agus seirbhísí faisnéise.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Mar sin féin, is léir ónar tharla roimhe seo go bhféadfadh baol áirithe tromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach***, amhail bagairtí sceimhlitheoireachta trasteorann nó cásanna sonracha i ndáil le gluaiseachtaí tánaisteacha imirceach, leanúint de bheith ann go ceann i bhfad tar éis dheireadh na dtréimhsí thuasluaite***. Dá bhrí sin, ***tá gá agus údar le*** coigeartú a dhéanamh ar na teorainneacha ama is infheidhme maidir le rialú teorann a athbhunú ar bhonn sealadach, lena gcur in oiriúint ***do na riachtanais atá ann faoi láthair***, ach ní mór a áirithiú san am céanna nach mbainfear mí-úsáid as an mbeart sin agus gur eisceacht é, nach rachfaí ina mhuinín ach amháin mar rogha dheiridh. ***Chuige sin, ba cheart síneadh a chur leis an sprioc-am ginearálta is infheidhme faoi Airteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen sa chaoi is gur bhliain a bheadh inti.*** | (4) Mar sin féin, is léir ónar tharla roimhe seo ***gurb annamh a bhíonn gá le rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha do thréimhsí níos faide ná dhá mhí***. ***I gcúinsí eisceachtúla amháin, d'fhéadfadh*** bagairtí áirithe tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach ***leanúint de bheith ann níos faide ná tar éis dheireadh na dtréimhsí uasta de shé mhí atá údaraithe faoi láthair le haghaidh rialú*** teorann a athbhunú ***ag teorainneacha inmheánacha***. Dá bhrí sin, tá ***gá*** le coigeartú a dhéanamh ar na teorainneacha ama is infheidhme maidir le rialú teorann a athbhunú ar bhonn sealadach, ach ní mór a áirithiú san am céanna nach mbainfear mí-úsáid as an mbeart sin agus gur eisceacht é, nach rachfaí ina mhuinín ach amháin mar rogha dheiridh. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart go ndéanfaí aon mhaolú ó phrionsabal bunúsach shaorghluaiseacht daoine a léiriú go docht agus glactar leis, le coincheap an bheartais phoiblí gurb ann d'fhíorbhagairt láithreach atá tromchúiseach go leor lena ndéantar*** |

| | |
|---|---|
| | ***difear do leasanna bunúsacha na sochaí.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun a áirithiú go leanfaidh na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha sin de bheith ina n-eisceacht, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a chur isteach maidir le ***hathbhunú nó síneadh*** beartaithe an rialaithe teorann. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheasúnú riosca, go háirithe, ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an baol arna shainaithint agus ar cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a ndéanfar difear dóibh, agus ba cheart a léiriú gur ***rogha*** dheiridh é an síneadh ar na rialuithe teorann agus ba cheart a mhíniú cén chaoi a mbeadh rialú teorainn ina chuidiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol arna shainaithint. ***I gcás rialú ag teorainneacha inmheánacha is faide ná 6 mhí,*** ba cheart a léiriú go cúlghabhálach sa mheasúnú riosca freisin éifeachtúlacht an rialaithe teorann arna athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol arna shainaithint agus ba cheart míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi a ndeachthas i gcomhairle le gach Ballstát comharsanachta a ndearna an síneadh sin difear dóibh agus ar ról na mBallstát sin i gcinneadh na socruithe is lú ualach oibríochtúil. | (5) Chun a áirithiú go leanfaidh na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha sin de bheith ***mar bheart atá ina rogha dheiridh agus*** ina n-eisceacht, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a chur isteach maidir le ***fadú*** beartaithe an rialaithe teorann ***níos faide ná dhá mhí***. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheasúnú riosca, go háirithe, ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an bhagairt arna shainaithint agus ar cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a ndéanfar difear dóibh, agus ba cheart a léiriú gur ***beart atá ina*** rogha dheiridh é an fadú ar na rialuithe teorann***, go háirithe trína léiriú gur cruthaíodh nó gur measadh nár leor aon bhearta malartacha,*** agus ba cheart a mhíniú cén chaoi a mbeadh rialú teorainn ina chuidiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt arna shainaithint. Ba cheart a léiriú go cúlghabhálach sa mheasúnú riosca freisin éifeachtúlacht ***agus éifeachtacht*** an rialaithe teorann arna athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt arna sainaithint agus ba cheart míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi a ndeachthas i gcomhairle le gach Ballstát comharsanachta a ndearna an fadú sin difear dóibh agus ar ról na mBallstát sin i gcinneadh na socruithe is lú ualach oibríochtúil. ***Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit fós, i gcás inar gá, an fhaisnéis uile arna cur ar fáil nó codanna de a aicmiú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) I gcás ina molfar rialú ag teorainneacha inmheánacha i gcomhair imeachtaí sonracha beartaithe atá de nádúr agus tréimhse eisceachtúil, amhail gníomhaíochtaí spóirt, ba cheart tréimhse an rialaithe sin a bheith an-chruinn, srianta agus nasctha le tréimhse iarbhír na himeachta.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Beidh cáilíocht an mheasúnaithe riosca arna chur isteach ag an mBallstát an-tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhunú nó le síneadh beartaithe an rialaithe teorann, agus ar chomhréireacht an rialaithe bheartaithe sin. Ba cheart baint a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ***agus*** ag Europol leis an measúnú sin. | (6) Beidh cáilíocht an mheasúnaithe riosca arna chur isteach ag an mBallstát an-tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhunú nó le fadú beartaithe an rialaithe teorann, agus ar chomhréireacht an rialaithe bheartaithe sin. Ba cheart baint a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ***,*** Europol***, an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha*** leis an measúnú sin. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ***Ba cheart cumhacht an Choimisiúin tuairim a eisiúint faoi Airteagal 27(4) de Chód Teorainneacha Schengen a mhodhnú chun na hoibleagáidí nua atá ar na Ballstáit i dtaca leis an measúnú riosca a chur san áireamh, lena n-áirítear an comhar leis na Ballstáit lena mbaineann. Nuair a dhéantar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná sé mhí, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint.*** Ba cheart ***freisin*** an nós imeachta comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27(5) de Chód Teorainneacha Schengen a mhodhnú chun ról na nGníomhaireachtaí ***(an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus Europol)*** a chur san áireamh agus chun díriú ar chur chun feidhme praiticiúil gnéithe éagsúla den chomhar idir na Ballstáit***, lena n-áirítear comhordú beart éagsúil, i gcás inarb iomchuí, ar an dá thaobh den teorainn***. | (7) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27(5) de Chód Teorainneacha Schengen a mhodhnú chun ról Gníomhaireachtaí ***an Aontais*** a chur san áireamh agus chun díriú ar chur chun feidhme praiticiúil gnéithe éagsúla den chomhar idir na Ballstáit. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun na rialacha athbhreithnithe a dhéanamh níos oiriúnaí do na dúshláin a bhaineann le baol seasta tromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach, ba cheart foráil shonrach a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht síneadh a chur le rialuithe ag teorainneacha | (8) Chun na rialacha athbhreithnithe a dhéanamh níos oiriúnaí do na dúshláin a bhaineann le bagairtí seasta tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, ba cheart foráil shonrach a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht fadú a chur le rialuithe ag |

inmheánacha thar ***aon bhliain amháin***. Ba cheart bearta eisceachtúla comhchuimseacha náisiúnta – staid éigeandála, mar shampla – a chur i bhfeidhm laistigh den chríoch in éineacht leis an síneadh sin chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol. I gcás ar bith, fiú agus an fhéidearthacht sin ann, níor cheart na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bheith i bhfeidhm níos mó ná ***dhá bhliain***.

teorainneacha inmheánacha thar ***sé mhí ar bhonn eisceachtúil***. Ba cheart bearta eisceachtúla comhchuimseacha náisiúnta – staid éigeandála, mar shampla – a chur i bhfeidhm laistigh den chríoch in éineacht leis an bhfadú sin chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt. I gcás ar bith, fiú agus an fhéidearthacht sin ann, níor cheart na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bheith i bhfeidhm níos mó ná ***aon bhliain amháin***.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ba cheart cothromaíocht a aimsiú idir an riachtanas agus an chomhréireacht de rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus an bhagairt atá ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, arb é is cúis leis an ngá atá le hathbhunú den sórt sin, agus ba cheart freisin bearta malartacha a mheas a d'fhéadfaí a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, nó an dá rud, agus tionchar rialú den sórt sin ar shaorghluaiseacht daoine laistigh de limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha a mheas freisin.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) Ba cheart an tagairt d'Airteagal 29 atá in Airteagal 25(4) a mhodhnú d'fhonn an gaol idir na tréimhsí is infheidhme faoi Airteagal 29 agus Airteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen a shoiléiriú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) An fhéidearthacht rialuithe sealadacha a dhéanamh ag teorainneacha inmheánacha mar fhreagairt ar bhaol sonrach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach a mhaireann níos mó ná ***bliain amháin***, ba cheart í a bheith faoi réir nós imeachta ar leith. | (10) An fhéidearthacht rialuithe sealadacha a dhéanamh ag teorainneacha inmheánacha mar fhreagairt ar bhagairt sonrach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a mhaireann níos mó ná ***sé mhí***, ba cheart í a bheith faoi réir nós imeachta ar leith ***lena gceanglófar moladh ón gComhairle***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuairim a eisiúint maidir leis an ngá atá leis an síneadh sin agus comhréireacht an tsínidh ***agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta***. | (11) Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuairim a eisiúint maidir leis an ngá atá leis an bhfadú sin agus comhréireacht an fhadaithe. ***Ba cheart go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoin fhadú beartaithe. Ba cheart go mbeadh deis ag*** na Ballstáit ***a ndéanfar difear dóibh barúlacha a thabhairt don Choimisiún sula n-eiseoidh*** |

***sé a thuairim***.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Féadfaidh an Chomhairle, ag cur thuairim an Choimisiúin san áireamh, síneadh eisceachtúil den chineál sin a mholadh agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha maidir le comhar idir na Ballstáit lena mbaineann ***a chinneadh***, d'fhonn a áirithiú gur beart eisceachtúil é agus nach mbeidh sé i bhfeidhm ach an fad is gá agus a bhfuil údar leis, agus go bhfuil sé ag teacht leis na bearta a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta laistigh den chríoch chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol áirithe céanna don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach. Ba cheart gur réamhriachtanas é an moladh ón gComhairle maidir le haon síneadh breise anuas ar an tréimhse ***bliana, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a bheith ag teacht leis an moladh dá bhforáiltear cheana in Airteagal 29***. | (13) Féadfaidh an Chomhairle, ag cur thuairim an Choimisiúin san áireamh, fadú eisceachtúil den chineál sin a mholadh agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha maidir le comhar idir na Ballstáit lena mbaineann ***a leagan síos***, d'fhonn a áirithiú gur beart eisceachtúil é agus nach mbeidh sé i bhfeidhm ach an tréimhse is gá agus a bhfuil údar leis, agus go bhfuil sé ag teacht leis na bearta a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta laistigh den chríoch chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt áirithe chéanna ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Ba cheart gur réamhriachtanas é an moladh ón gComhairle maidir le haon fhadú breise anuas ar an tréimhse ***sé mhí***. ***Ba cheart go gcuirfear an moladh ón gComhairle ar aghaidh láithreach chuig Parlaimint na hEorpa***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Bearta a dhéantar faoin nós imeachta ar leith ina gcuireann cúinsí eisceachtúla feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol, níor cheart iad a fhadú, nó iad a nascadh le bearta a*** |

***dhéantar faoi nós imeachta eile chun rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/399.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) I gcás ina measann an Coimisiún gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún, mar chaomhnóir na gConarthaí a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear tríd an ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 25 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach sa limistéar gan rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha i mBallstát, féadfaidh an Ballstát sin rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil ag a | 1. I gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach sa limistéar gan rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha i mBallstát, féadfaidh an Ballstát sin rialú teorann a athbhunú ar |

theorainneacha inmheánacha uile nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse teoranta ***30 lá ar a mhéid, nó ar feadh ré intuartha an bhaoil thromchúisigh má mhaireann sé níos faide ná 30 lá ach nach faide ná sé mhí***. Ní rachaidh raon feidhme agus ré athbhunú sealadach an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar a bhfuil riachtanach chun freagairt a thabhairt ar an mbaol tromchúiseach.

bhonn eisceachtúil ag a theorainneacha inmheánacha uile nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse teoranta ***mar bheart atá ina rogha dheiridh***. Ní rachaidh raon feidhme agus ré athbhunú sealadach an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar a bhfuil riachtanach chun freagairt a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 25 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Ní athbhunófar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ach mar rogha dheiridh, agus i gcomhréir le hAirteagail 27, 27a, 28 agus 29. Cuirfear na critéir dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagal 26 agus in Airteagal 30 san áireamh i ngach cás ina bhfuil sé beartaithe rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú de bhun Airteagail 27, 27a, 28 agus 29.*** | ***scriosta*** |

**Leasuithe 22 agus 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 25 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Más ann fós don bhaol tromchúiseach don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach sa Bhallstát lena mbaineann tar éis na tréimhse dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát sin rialú teorann ag a theorainneacha inmheánacha a shíneadh, ag cur san áireamh dó na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26 agus i gcomhréir le hAirteagal 27, ar bhonn an fhorais chéanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, ag cur aon ghné nua san áireamh, ar feadh tréimhsí in-athnuaite a fhreagraíonn do ré intuartha an bhaoil thromchúisigh agus nach faide iad ná sé mhí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 25 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An tréimhse iomlán a mbeidh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha athbhunaithe lena linn, lena n-áirítear aon síneadh dá bhforáiltear le mír 3 den Airteagal seo, ní bheidh sí níos faide aon bhliain amháin.*** <br> ***Sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear in Airteagal 27a, féadfar dhá bhliain eile ar a mhéad a chur leis an tréimhse iomlán i gcomhréir leis an Airteagal sin.*** <br> ***I gcúinsí eisceachtúla, dá dtagraítear in Airteagal 29, féadfar dhá bhliain ar a mhéad a chur leis an tréimhse iomlán, i*** | ***scriosta*** |

***gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin."***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 26

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:*** |
| Airteagal 26 | "Airteagal 26 |
| Critéir maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach | Critéir maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach |
| ***I gcás*** ina gcinneann Ballstát mar rogha dheiridh, rialú teorann a athbhunú go sealadach ***ag*** teorainn inmheánach ***amháin*** nó níos mó dá chuid nó ag codanna dá theorainneacha inmheánacha, nó má chinneann sé athbhunú den sórt sin a shíneadh***, i gcomhréir le hAirteagal 25 nó le hAirteagal 28(1)***, déanfaidh sé measúnú ***ar a mhéid is dóigh*** a réiteoidh ***an beart sin*** an baol do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach ***ar bhealach leordhóthanach, agus déanfaidh sé measúnú ar*** chomhréireacht ***an bhirt*** i ndáil leis an mbaol ***sin. Agus measúnú den sórt sin á dhéanamh, cuirfidh an Ballstát an méid seo a leanas*** go háirithe san áireamh: | ***Sula*** gcinneann Ballstát, mar ***bheart atá ina*** rogha dheiridh, rialú teorann a athbhunú go sealadach ***ag*** teorainn inmheánach ***amháin*** nó níos mó dá chuid nó ag codanna dá theorainneacha inmheánacha, nó má chinneann sé athbhunú ***sealadach*** den sórt sin a fhadú, déanfaidh sé na nithe seo a leanas ***a mheasúnú***: |
| | ***(a) cibé an bhféadfaí a mheas*** gur dócha ***go ndéanfadh athbhunú rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha*** an bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a réiteach ***go leordhóthanach;*** |
| | ***(b) cibé an dócha go ndéanfadh aon bheart eile seachas athbhunú rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha,*** |

| | |
|---|---|
| | ***amhail comhar póilíneachta trasteorann feabhsaithe nó seiceálacha póilíneachta treisithe, an bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a réiteach go leordhóthanach;*** |
| | ***(c)*** an chomhréireacht a bhaineann le ***rialú teorann ag teorainneacha inmheánach a athbhunú go sealadach*** maidir leis ***an*** mbagairt ***ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach,*** go háirithe ***trí na nithe seo a leanas a chur*** san áireamh***:*** |
| ***(a)*** an tionchar is dóigh a bheidh ag aon bhaol do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach, lena n-áirítear i ndiaidh gníomhartha sceimhlitheoireachta nó i ndiaidh bagairtí sceimhlitheoireachta agus lena n-áirítear gníomhartha nó bagairtí a thagann ón gcoireacht eagraithe; | ***(i)*** an tionchar is dóigh a bheidh ag aon bhaol do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach, lena n-áirítear i ndiaidh gníomhartha sceimhlitheoireachta nó i ndiaidh bagairtí sceimhlitheoireachta agus lena n-áirítear gníomhartha nó bagairtí a thagann ón gcoireacht eagraithe; ***agus*** |
| ***(b)*** an tionchar is dóigh a bheidh ***ag an mbeart sin ar*** shaorghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. | ***(ii)*** an tionchar is dóigh a bheidh ag ***athbhunú sealadach rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha*** ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. |
| | ***I gcás ina measann Ballstát faoi phointe (a) den chéad fhomhír nach dócha go ndéanfaidh athbhunú sealadach rialú teorann an bhagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach a réiteach go leordhóthanach, ní athbhunóidh sé rialú ag teorainneacha inmheánacha.*** |
| | ***I gcás ina measann Ballstát faoi phointe (b) den chéad fhomhír gur dócha go ndéanfaidh bearta seachas athbhunú rialaithe ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a réiteach go leordhóthanach, ní dhéanfaidh sé rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú agus déanfaidh sé na bearta eile sin.*** |
| | ***I gcás ina measann Ballstát faoi phointe (c) den chéad fhomhír nach bhfuil an t-athbhunú molta de rialú ag teorainneacha inmheánacha comhréireach leis an mbagairt, ní dhéanfaidh sé rialú teorann a athbhunú*** |

| | |
|---|---|
| | ***nó a fhadú.";*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -i (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – teideal

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:*** |
| Nós imeachta maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach ***faoi Airteagal 25*** | "Nós imeachta maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ***i gcás ina dtuartar bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach***"; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -i a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-ia) in Airteagal 27, cuirtear an mhír nua seo a leanas isteach roimh mhír 1:*** |
| | ***"-1. I gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach sa*** |

***limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mBallstát, féadfaidh an Ballstát sin, mar bheart atá ina rogha dheiridh agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 26, rialú teorann ar feadh tréimhse theoranta suas le 30 lá a athbhunú ar a theorainneacha inmheánacha ina n-iomláine nó ar chodanna sonracha díobh nó, má mhaireann an bhagairt thromchúiseach níos faide ná 30 lá, ar feadh tréimse thuartha na bagartha tromchúisí ach, i gcás ar bith, gan an tréimhse sin a bheith níos faide ná dhá mhí.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1– pointe 2 – pointe - i b (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-ib) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití i mír 1:*** |
| 1. ***I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú faoi Airteagal 25, cuirfidh sé*** sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiúin laistigh de cheithre seachtaine ar a dhéanaí roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú, nó laistigh de thréimhse níos giorra i gcás ina bhfuil na cúinsí is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar eolas níos lú ná ceithre seachtaine roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú. Chuige sin, soláthróidh an Ballstát an fhaisnéis seo a leanas: | "1. ***Chun críocha mhír -1, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann*** fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de cheithre seachtaine ar a dhéanaí roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú, nó laistigh de thréimhse níos giorra i gcás ina bhfuil na cúinsí is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar eolas níos lú ná ceithre seachtaine roimh an dáta atá beartaithe don athbhunú. Chuige sin, soláthróidh an Ballstát an fhaisnéis seo a leanas:”; |

**Leasuithe 28 agus 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe i**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 – pointe aa

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) I mír 1, cuirtear an litir nua (aa) seo a leanas isteach:*** | ***scriosta*** |
| ***(aa) measúnú riosca ina measúnófar cá fhad a mheastar a mhairfidh an baol arna shainaithint agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a ndéanfar difear dóibh, agus ina léireofar gur rogha dheiridh é an síneadh ar an rialú teorann agus ina míneofar an chaoi a gcabhródh rialú teorann chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol arna shainaithint. I gcás inar athbhunaíodh rialú teorann cheana ar feadh níos mó ná sé mhí, míneofar sa mheasúnú riosca freisin an chaoi ar chuidigh an rialú teorann a athbhunaíodh cheana chun dul i ngleic leis an mbaol arna shainaithint.*** | |
| ***Beidh sa mheasúnú riosca freisin tuarascáil mhionsonraithe ar an gcomhordú a bhí ar bun idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát nó na Ballstáit a bhfuil teorainneacha inmheánacha aige nó acu leo, teorainneacha ag a raibh rialú teorann i bhfeidhm.*** | |
| ***Roinnfidh an Coimisiún an measúnú riosca leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus le Europol, de réir mar is iomchuí.*** | |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe i a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 – pointe a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) I mír 1, cuirtear isteach pointe (ab) seo a leanas:*** |
| | ***"(ab) aon bhearta eile seachas an t-athbhunú molta, a dhéanfaidh nó a bheartóidh an mBallstát, chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach mar aon leis an gcúis fhianaise-bhunaithe a measadh nár leor bearta malartacha, amhail comhar póilíneachta trasteorann feabhsaithe nó seiceálacha póilíneachta;"*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe ii**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le déanamh ag na Ballstáit eile, arna gcomhaontú roimh athbhunú ar bhonn sealadach an rialaithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha ***lena mbaineann***. | (e) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le déanamh ag na Ballstáit eile, arna gcomhaontú roimh athbhunú ar bhonn sealadach an rialaithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha ***ábhartha***." |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iii**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 – an abairt dheireanach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás*** inar gá, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis faoin gcomhar leis na Ballstáit a ndéanfaidh an síneadh atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh agus an fhaisnéis ***bhreise*** is gá chun a mheas an rogha dheiridh é sin." | ***Más*** gá, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis faoin gcomhar leis na Ballstáit a ndéanfaidh ***an t-athbhunú nó*** an fadú atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh agus ***tuilleadh faisnéise*** is gá chun a mheas an rogha dheiridh é sin. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iii a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:*** <br> ***"1a. Más ann fós don bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach sa Bhallstát lena mbaineann tar éis dhá mhí, féadfaidh an Ballstát sin rialú teorann ag a theorainneacha inmheánacha a fhadú, agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 26 á gcur san áireamh, ar bhonn an fhorais chéanna dá dtagraítear i mír -1 den Airteagal seo agus, agus aon ghnéithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***nua á gcur san áireamh, ar feadh tréimhse in-athnuaite a fhreagróidh do ré intuartha na bagartha tromchúisí agus ní bheidh an tréimhse sin, in aon chás, níos faide ná ceithre mhí. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 1.”*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iii b (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 1 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiib) cuirtear an mhír 1b seo a leanas isteach:*** |
| | ***"1b. Chun críocha mhír 1a, sa bhreis ar an bhfaisnéis arna soláthar faoi mhír 1, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann measúnú riosca a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(i) measúnú a dhéanamh ar cá fhad a mheastar a mhairfidh an bhagairt agus ar cén chuid dá teorainneacha inmheánacha a ndéanfar difear dóibh;*** |
| | ***(ii) achoimre a thabhairt ar na gníomhaíochtaí nó ar na bearta malartacha a tugadh isteach roimhe sin chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt arna sainaithint;*** |
| | ***(iii) a mhíniú cén fáth nach ndearna na bearta malartacha sin an bhagairt sin a leigheas go leordhóthanach;*** |
| | ***(iv) a léiriú gurb é an rogha dheiridh é an rialú teorann a fhadú; agus*** |
| | ***(v) a mhíniú conas a thabharfadh rialú*** |

***teorann cabhair níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt arna sainaithint.***

***Beidh sa mheasúnú riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin tuarascáil mhionsonraithe ar an gcomhar a bhí ar bun idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát nó na Ballstáit a ndéanfar difear díreach dóibh trí rialú teorann a athbhunú, lena n-áirítear na Ballstáit sin a bhfuil teorainneacha inmheánacha ag an mBallstát lena mbaineann leo ag a bhfuil rialú teorann i bhfeidhm.***

***Roinnfidh an Coimisiún an measúnú riosca leis an nGníomhaireacht agus le Europol, agus féadfaidh sé a dtuairimí air sin a iarraidh, i gcás inarb iomchuí.***

***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an modheolaíocht don mheasúnú riosca a ghlacadh.";***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iii c (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír*** 1 a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ag an am céanna a thugtar fógra fúithi, de bhun ***na míre sin***, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún. | 2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1 agus i mír 1b*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ag an am céanna a thugtar fógra fúithi, de bhun ***na míreanna sin***, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iii d (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** |
| 3. Féadfaidh Ballstáit, ***atá ag tabhairt*** fógra ***faoi mhír 1, a chinneadh*** codanna den fhaisnéis ***a aicmiú***, más gá sin agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ní fhágfar le haicmiú den sórt sin nach gcuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Comhlíonfaidh tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tarchuireadh chuig Parlaimint na hEorpa faoin Airteagal seo leis na rialacha a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chur ar aghaidh agus a láimhseáil, ar rialacha iad atá infheidhme idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún. | "3. Féadfaidh na Ballstáit, ***atá ag cur isteach*** fógra, ***an fhaisnéis uile*** nó codanna den fhaisnéis ***dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1b a aicmiú***, más gá sin agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ní fhágfar le haicmiú den sórt sin ***rochtain ar fhaisnéis, trí bhealaí comhair póilíneachta is iomchuí agus slán, ag na mBallstáit eile a ndéanfar difear dóibh trí rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go sealadach agus ní fhágfar*** nach gcuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Comhlíonfaidh tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tarchuireadh chuig Parlaimint na hEorpa faoin Airteagal seo leis na rialacha a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chur ar aghaidh agus a láimhseáil, ar rialacha iad atá infheidhme idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún***";*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iv**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis dó fógra a fháil ó Bhallstát faoi ***mhír 1***, agus ag féachaint don chomhairliúchán dá bhforáiltear i mír 5, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát eile tuairim a eisiúint, gan dochar d'Airteagal 72 CFAE. | Tar éis dó fógra a fháil ó Bhallstát faoi ***mhír 1 agus faoi mhír 1a***, agus ag féachaint don chomhairliúchán dá bhforáiltear i mír 5, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát eile tuairim a eisiúint, gan dochar d'Airteagal 72 CFAE. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iv**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil imní ar an gCoimisiún maidir leis an ngá atá leis an rialú teorann atá beartaithe a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha nó le comhréireacht an rialaithe sin, nó má mheasann sé go mbeadh comhairliúchán maidir le ***gnéithe*** éigin den fhógra iomchuí, eiseoidh sé tuairim chuige sin. | ***I gcás, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san fhógra nó ar aon fhaisnéis bhreise a bheidh faighte aige,*** go mbeidh imní ar an gCoimisiún maidir leis an riachtanas nó leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú**,** nó má mheasann sé go mbeadh comhairliúchán maidir le ***gné*** éigin den fhógra iomchuí, eiseoidh sé tuairim chuige sin ***gan mhoill***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe iv**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás inar athbhunaíodh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh sé mhí cheana, eiseoidh an Coimisiún tuairim.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe v**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| "An fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1***, chomh maith le haon tuairim ón gCoimisiún nó ó Bhallstát dá dtagraítear i mír 4, beidh siad faoi réir comhairliúchán ***arna stiúradh ag an gCoimisiún***. ***I gcás inarb iomchuí,*** beidh mar chuid den chomhairliúchán comhchruinnithe idir an Ballstát atá ag beartú rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha, na Ballstáit eile, go háirithe iad sin a ndéanfaidh na bearta sin difear dóibh go díreach, agus na ***Gníomhaireachtaí ábhartha***. ***Déanfar scrúdú ar chomhréireacht na mbeart atá beartaithe, ar an mbaol arna shainaithint don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach agus ar na dóigheanna ar féidir a áirithiú go gcuirfear chun feidhme an*** comhar frithpháirteach idir na Ballstáit***. An Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige*** rialú teorann ***ag*** teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a shíneadh***,*** | An fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1 agus i mír 1b***, chomh maith le haon tuairim ón gCoimisiún nó ó Bhallstát dá dtagraítear i mír 4, beidh siad faoi réir comhairliúcháin. Beidh na nithe seo a leanas ar áireamh sa chomhairliúchán***:*** |

***tabharfaidh sé lánaird ar thorthaí an chomhairliúcháin sin nuair a bheidh*** rialuithe teorann ***á ndéanamh aige***.

***(i)*** cruinnithe comhpháirteacha, idir an Ballstát a bhfuil beartaithe aige rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha, na Ballstáit eile, go háirithe iad siúd a mbeidh tionchar díreach ag na bearta sin orthu***,*** agus an ***Coimisiún, ar cruinnithe iad a thionólfar d'fhonn*** comhar frithpháirteach ***a eagrú, i gcás inarb iomchuí,*** idir na Ballstáit ***agus d'fhonn comhréireacht na mbeart a scrúdú i ndáil leis na himeachtaí is cúis le*** rialú teorann a athbhunú***, lena n-áirítear aon roghanna malartacha féideartha, agus leis an mbagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach;***

***(ii) i gcás inarb iomchuí, cuairteanna ar an láthair ag an gCoimisiún gan réamhfhógra a thabhairt, ar cuairteanna iad chuig na*** teorainneacha inmheánacha ***ábhartha, agus a mbeidh tacaíocht acu, i gcás inarb iomchuí, ó shaineolaithe ó na Ballstáit ón nGníomhaireacht, ó Europol nó seiceálacha ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha eile den Aontas chun éifeachtacht na*** rialuithe teorann ***ag na teorainneacha inmheánacha sin agus an comhlíonadh leis an Rialachán seo*** a mheasúnú; ***déanfar na tuarascálacha ar na cuairteanna gan réamhfhógra sin ar an láthair a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa***.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27a – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nós imeachta ar leith i gcás inar faide ná ***aon bhliain amháin*** an baol tromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach | Nós imeachta ar leith i gcás inar faide ná ***sé mhí*** an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ***gcásanna*** eisceachtúla, nuair a bhíonn an baol céanna don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach roimh an mBallstát tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa ***chéad abairt*** d'Airteagal ***25(4)***, agus nuair a chuirtear bearta eisceachtúla comhchuimseacha náisiúnta i bhfeidhm freisin laistigh den chríoch chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin, is féidir síneadh breise a chur leis an rialú teorann a athbhunaíodh ar bhonn sealadach chun dul i ngleic leis an mbaol sin. | 1. In ***imthosca*** eisceachtúla, nuair a bhíonn an bhagairt chéanna ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach roimh an mBallstát tar éis na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal ***27(1a)***, agus nuair a chuirtear bearta eisceachtúla comhchuimseacha náisiúnta i bhfeidhm freisin laistigh den chríoch chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin, is féidir fadú breise a chur leis an rialú teorann a athbhunaíodh ar bhonn sealadach chun dul i ngleic leis an mbagairt sin. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Sé*** seachtaine ar a dhéanaí roimh dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear sa ***chéad abairt*** d'Airteagal ***25(4)***, tabharfaidh an Ballstát fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún go bhfuil síneadh breise á lorg aige i gcomhréir leis an nós imeachta ar leith a leagtar síos san Airteagal seo. Beidh ***san*** fhógra sin an fhaisnéis a cheanglaítear ***faoi*** Airteagal ***27(1)(a) go (e)***. Beidh feidhm ag ***mír 2 agus mír 3 d'Airteagal 27***. | 2. ***Trí*** seachtaine ar a dhéanaí roimh dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal ***27(1a)***, tabharfaidh an Ballstát fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún go bhfuil fadú breise á lorg aige i gcomhréir leis an nós imeachta ar leith a leagtar síos san Airteagal seo. Beidh san fhógra ***sin*** an fhaisnéis ***uile*** a cheanglaítear ***faoi*** Airteagal ***27(1)agus(1b)***. Beidh feidhm ag Airteagal ***27(2) agus (3)***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Eiseoidh an Coimisiún tuairim. | 3. Eiseoidh an Coimisiún tuairim ***i dtaobh an gcomhlíonann an fadú atá beartaithe na ceanglais a leagtar síos i mí 1 agus i mír 2 maidir le gá agus comhréireacht an fhadaithe atá beartaithe***. ***Beidh deis ag na Ballstáit a ndéanfar difear dóibh barúlacha a thabhairt don Choimisiún sula n-eiseoidh sé an tuairim sin.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 27a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh an Chomhairle, ag tabhairt aird chuí di ar*** an tuairim ón gCoimisiún, a mholadh go gcuirfidh an Ballstát síneadh breise le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ***ar feadh tréimhse suas le sé mhí***. ***Féadfar síneadh nach faide ná*** sé mhí ***a chur leis an tréimhse sin agus is féidir sin a dhéanamh trí huaire ar a mhéid.*** Sa mholadh ón gComhairle, luafaidh sí ***ar a laghad*** an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 27(1)***(a) go (e)***. ***I gcás inarb iomchuí, cinnfidh*** sí na coinníollacha maidir le comhar idir na Ballstáit lena mbaineann." | 4. ***A luaithe a bheidh*** an tuairim ón gCoimisiún ***curtha san áireamh aici***, ***féadfaidh an Chomhairle, mar rogha dheiridh,*** a mholadh go gcuirfidh an Ballstát ***lena mbaineann*** fadú breise le rialú teorann ag ***a*** theorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse suas le sé mhí. Ina mholadh, cuirfidh an Chomhairle an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 27(1) agus ***(1b)*** in iúl ***agus*** leagfaidh sí síos na coinníollacha maidir le comhar idir na Ballstáit lena mbaineann. |

**Leasuithe 45 agus 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 28 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. ***Gan dochar d'Airteagal 25(4)***, ní rachaidh an tréimhse iomlán ina n-athbhunófar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha thar dhá mhí, ar bhonn na buntréimhse atá sonraithe i mír 1 den Airteagal seo agus aon síntí atá sonraithe i mír 3 den Airteagal seo. | "4. Ní rachaidh an tréimhse iomlán ina n-athbhunófar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha thar dhá mhí, ar bhonn na buntréimhse a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo agus aon fhaduithe a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo.”; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 b (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 28a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) cuirtear isteach Airteagal 28a nua:*** |
| | ***"Airteagal 28a*** |
| | ***Ríomh na tréimhse ina ndéantar an rialú teorann a athbhunú nó a fhadú mar gheall ar bhagairt, dá ndéantar foráil, ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, i gcás inar mó ná sé mhí an bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach agus i gcásanna a éilíonn gníomhaíocht láithreach.*** |
| | ***Déanfar aon athbhunú nó fadú ar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánach arna ndéanamh roimh ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] a chur san áireamh chun na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 27, in Airteagal 27a agus in Airteagal 28 a ríomh.";*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 c (nua)**

Rialachán (AE) 2016/399

Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) In Airteagal 29(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*** |
| | ***"Na critéir dá dtagraítear in Airteagal 30, cuirfear san áireamh iad gach uair atá cinneadh maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhuanú nó a fhadú á bhreithniú de bhun an Airteagail seo."*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 d (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399

Airteagal 29 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3d) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:*** |
| 5. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do bhearta a fhéadfaidh an Ballstát a ghlacadh i gcás ina mbeidh baol tromchúiseach ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach faoi Airteagal ***25, Airteagal 27*** agus Airteagal 28. | "5. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do bhearta a fhéadfaidh an Ballstát a ghlacadh i gcás ina mbeidh bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach faoi Airteagal ***27, Airteagal 27a*** agus Airteagal 28. ***Mar sin féin, an tréimhse iomlán ar lena linn a dhéanfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú faoin Airteagal seo, ní dhéanfar í a fhadú de bhua na mbeart arna nglacadh faoi Airteagal 27, faoi Airteagal 27a nó faoi Airteagal 28.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 1a*** |
| | ***Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraí arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 27 de Chód Teorainneacha Schengen ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***Aon tréimhse fógartha leanúnaí i gcomhair athbhunú nó fadú i dtaca le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a bheidh thart roimh ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfear san áireamh í chun na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 25(4), agus Airteagal 28(4) a ríomh.*** |